# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl

# Cáisc 2017

**Liathróid Láimhe**

Tháinig Mícheál Dunne agus bhí seans ag na gasúir liathróid láimhe a imirt. Bhain siad an-sásamh as!



**Clár Explorers**

Tháinig Brendan ón Atlantiquariam isteach chuig na Bunranganna le héisc nua le haghaidh an umar éisc. Beidh na gasúir níos sine ag déanamh tionscadal orthu.



**Musical Instruments through the ages**

Tháinig Simon ó Ancient Music Ireland le go leor uirlisí ceoil. Bhí an-time ag na gasúir ag foghlaim faoi sean uirlisí difriúla.





**Aisteoirí**

Tá aisteoirí iontach againn sa scoil. Fuair Cormac páirt mar bhuachaill dána, Máirtín, i Ros na Rún. Scríobh sé píosa faoi:' *I Ros na Rún bhí an-spraoi agam…bíonn an seit an-fhuar ach coinníonn na soilse te*

*mé..'*

Fuair Colm páirt mar 'Swineherd' sa scannán 'Black 47' a bheidh 'amuigh' 2018/19. Tá Hugo Weaving ó 'The Matrix' agus ó 'The Lord of the Rings' mar phríomh réalt sa scannán. Bhí Colm ar an seó Ray Darcy freisin mar chum sé amhrán faoi na O Donovan Brothers a bhí sna Cluichí Olimipeacha.

An chéad chéim eile…Holywood?????




**Judo 29/1/17**

Bhuaigh Dylan agus Kate boinn sa gcomórtas náisiúnta Judo a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath. Bhuaigh Kate bonn airgid sa ranóg F12 agus Dylan bonn cré-umha sa ranóg F16.Fair play daoibh!!!



**Seó SCC Disco Inferno 2/2/17**

Chuaigh na hArdranganna chuig Scoil

Chuimstheach Chiaráin le hghaidh an seó 'Disco Inferno' a fheiceáil. Bhí sé curtha ar stáiste ag an Idirbhliain. Bhí an ceol agus na cultacha thar cionn!



**10/2/17 '10 ag a 10'**

Ghlac muid páirt sa bhfeachtas Operation Transformation i mbliana. Bhí ar scoileanna na tíre 10 nóiméad aclaíochta a dhéanamh ar a 10 a chlog ar maidin ar an 10ú lá Mí Feabhra. Bhris muid suas i ngrúpaí agus rinne muid stáisiúin difriúla ar feadh nóiméad, ansin bhog muid ar aghiadh go dtí an chéad stáisiún eile. Rinne muid na stáisiún seo leanas: cispheil, ritheacht, 'step ups', cúrsa obstacle, 'tricep dips', hoppáil, ag caitheamh liathróid le chéile agus cluiche le mála pónairí. Bhí an-spraoi againn!





### Clár Explorers 10/2/17

Tháinig Brendan ar ais arís le turgnamh a dhéanamh ar scuid le na bunranganna. D'fhoghlaim siad go leor faoi éisc éagsúla agus fuair siad uilig teastas!



### Crinniú Coiste Tuismitheoirí 28/2/17

Tugadh cuireadh don NPC theacht chuig an scoil agus cur síos a dhéanamh ar cén bealach ar chóir Coiste tuismitheoirí foirmealta a bhunú sa scoil. Ár ndóigh bhí coiste tuismitheoirí sa scoil le blianta beaga anuas agus tá obair na gcapall deánta acu ach socraíodh ceann níos foirmeálta a chruthú ó tharla an scoil ag dul i méid. Tháinig Cliona Sheehan ón NPC chun an chaint a thabhairt ar an 28ú Feabhra agus bhí sí an-tógtha len méid tuismitheoirí a tháinig amach an oíche sin. Is iad baill an choiste ná, Sinéad Ní Fhátharta, Aoife Casby, Keith Mac Donnacha, Josephine Nic Dhonncha, Kirstie Nic Dhonncha, Patrick Ó Cualáin, Aoife Uí Mhurchú agus Bairbre Ní Fhátharta.

### Dráma 'Comórtas na mBannaí Ceoil' 1/3/17



Rinne an Bunrang an dráma 'Comórtas na mBannaí Ceoil' ag Amharclann na Cathrach i nGaillimh. Bhí siad uilig thar cionn agus gléasta go hiontach! Fuair siad dhá dhuais: Amhranaíocht binn agus Aisteoireacht agus Aithriseoireacht. Fair plé daoibh!!!

### Paráid Lá 'le Pádraig

Bhí an téama 'Scoil an Rac' sa bparáid againn i mbliana. Bhí Tomás Óg, Chloe, Éabha agus Rachel thuas ar an bhflóta mar réaltaí rac agus bhí chuile dhuine eile mar lucht leanúna. Bhí an aimsir úfásach agus fuair muid uilig fluich báite ach fós bhí an-lá againn!! Tháinig muid sa dara háit agus fuair muid €75 mar dhuais. Bhí muid ar TG4 an oíche sin agus sa Connacht Tribune! Fair play do chuile dhuine a bhí ann!! Agus míle buíochas le Molly agus na tuistmitheoirí a rinne an flót.





Ag guí Cáisc sona araibh ar fad!
Foireann na scoile
**Athoscailt: Dé Luain 24/4/17**